Cothrom na Féinne
Diúltaigh don chiníochas

páistí agus an ciníochas: cad is féidir le do scoilse a dhéanamh?

Treoir eolais do mhúinteoirí bunscoile



Tá an **ciníochas** bunaithe ar an tuairim go mbíonn na tréithe céanna ag gach uile bhall de ghrúpa eitneach, agus – i bhformhór na gcásanna – go bhfuil cine amháin níos ísle ó thaobh gradaim de, ná cine eile.

Scoileanna & Éagsúlacht Chultúrtha

- Le blianta beaga anuas, tá scoileanna á gcur féin in oiriúint chun freastal ar riachtanais pháistí a thagann ó raon cúlraí cultúrtha agus eitneacha.
- Is iad laethanta ilchultúrtha, tacaíocht teanga agus curaclaim idirchultúrtha na cuir chuige is coitianta a úsáideann scoileanna.

Páistí & Éagsúlacht Chultúrtha

- Glacann go leor páistí le héagsúlacht eitneach anois mar rud nádúrtha agus déanann siad caidreamh go héasca le páistí ó chúlraí eile.
- Go minic, fáiltíonn páistí na háite roimh na páistí nua agus déanann siad cairdeas leo.

Aidhm na treorach seo

- Cé go dtugann an éagsúlacht buntáistí léi, díríonn an treoir seo ar ghné dhiúltach amháin a d'fhéadfadh tarlú idir páistí ó chúlraí eitneacha éagsúla, .i. ciníochas.
- Nílimid ag díriú ar chiníochas chun aird mhíchuí a tharraingt ar ghné dhiúltach, ach chun aird a tharraingt ar an dochar a d'fhéadfadh a theacht as.
- Is ceist mhór é a d'fhéadfadh a theacht chun cinn i scoileanna il-eitneacha. Is gá a bheith cinnte go bhfuil polasaithe agus nósanna imeachta ann chun déileáil leis.

Cad atá i gceist againn le 'ciníochas'?

- Is mar antoisceach a shamhlaítear ciníochaí de ghnáth, ach is iomaí cló a bhíonn ar chiníochaí.
- Is ar fhéiniúlacht eitneach an duine, agus uirthi sin amháin, a bhíonn tuairimí an chiníochaí bunaithe.
- Bíonn ciníochas le feiceáil sna tuairimí a bhíonn againn faoi dhaoine, sna bealaí a chaithimid leo, sna bealaí a labhraímid leo agus fúthu.
- Go minic, bíonn baint ag ciníochas le dearcadh postúil a bheith ag duine ar inimirce, agus ar thíortha eile (.i. bocht, gan bhia, cogadh).



Ní ciníochas í feasacht ar dhifríocht eitneach

- Is gnáthchuid den fhoghlaim faoin saol thart timpeall orainn í feasacht a chothú ar dhifríochtaí eitneacha.
- Deir fianaise idirnáisiúnta linn go dtugann páistí faoi deara difríochtaí eitneacha chomh luath le 3 nó 4 bliana d'aois.
- Uaireanta cuireann páistí ceisteanna nó deir siad rudaí a chuireann náire orainn. Ní ciníochas é seo, de ghnáth, ach forbairt nádúrtha feasa.
- Ach is mór an dochar a dhéantar nuair a thugann páistí faoi pháistí eile go ciníoch, go doicheallach, d'aon turas.

be fair

Cothrom na Féinne
Diúltaigh don chiníochas

An ciníochas agus páistí

- Le 80 bliain anuas, tá taighde idirnáisiúnta á dhéanamh ar chiníochas i measc páistí.
- Taifeadadh bulaíocht chiníoch i mbunscoileanna ar fud an domhain.
- Aithníodh bulaíocht chiníoch/eitneach mar ghné ar leith den bhulaíocht a tharlaíonn i mbunscoileanna il-eitneacha, agus thart orthu, in Éirinn.
- Glaoch ainmneacha eitneacha agus tarcaisniú ó bhéal is mó a bhíonn i gceist. Tarlaíonn ionsaithe fisiciúla freisin.
- Cé nach cuid thipiciúil de shaol páistí é an ciníochas, caithfear aird a thabhairt ar an bhfadhb. Má dhéanaimid neamhní de, tugaimid an teachtaireacht chontráilte do pháistí.

Tá baint ag eispéiris chiníocha le linn na hóige le fadhbanna níos déanaí sa saol.

"Níl a fhios agam ... bhraith mé mé ag gol tar éis scoile gach lá

– Cailín Slóivéanach, Rang a 5, bunscoil i mBÁC

Páiste: "Bheinn bán." Agallóir: '
Páiste: "Sa chaoi nach mbeadh

An ciníochas – conas a cheiltear é & cén fáth?

- Mar a tharlaíonn le saghsanna eile bulaíochta, ceiltear ciníochas ar dhaoine fásta.
- De ghnáth, is sna pasáistí, sna leithris, sa cheaintín, i gclós na scoile, ar an mbealach chun na scoile agus abhaile arís, a tharlaíonn an bhulaíocht chiníoch. Uaireanta, tarlaíonn sí sna seomraí ranga freisin, ach í ar bhealaí níos ceilte.
- Is iomaí páiste nach n-insíonn riamh do dhuine fásta go bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi. Tá nós i measc páistí 'gan insint' ar bhulaithe, a fhágann gur deacair d'íospartaigh labhairt amach. Uaireanta, ceaptar go dtagann méadú, seachas laghdú, ar na deacrachtaí nuair a insítear fúthu do mhúinteoirí.
- Maidir le tuairisciú, bíonn na deacrachtaí níos mó arís, i gcás páistí imirceacha a bhfuil bacainní teanga & cultúrtha le sárú acu freisin.

Iarmhairtí an chiníochais

- Cé go ndéantar neamhshuim uaireanta de cheist an chiníochais, ní dhéanann páistí, atá á fhulaingt, neamhshuim de. Is eispéireas pianmhar, suaiteach, dothuigthe gan choinne dóibh é.
- Léiríonn taighde idirnáisiúnta go bhfuil baint ag eispéiris chiníocha le linn na hóige le fadhbanna níos déanaí sa saol, dúlagar, imní, easpa féinmheasa, ciontóireacht, úsáid drugaí & alcóil, galar croí agus tinnis choirp san áireamh.
- Thaispeáin taighde in Éirinn gur léirigh roinnt páistí imirceacha deacrachtaí móra mothúchánacha, mar thoradh ar chiníochas. Luadh doicheall, fearg agus súil acu imeacht as Éirinn.
- Sa taighde a rinneadh in Éirinn, tá iarmhairt thromchúiseach le feiceáil i measc páistí Afracacha. Ba mhaith le roinnt díobh dath a gcraicinn a athrú ó dhubh go bán.

go raibh mé dúr .... labhair mé teanga dhifriúil ...bhíodh ... bhíodh siad do mo bhualadh".

'Bheifeá bán? Cén fáth a ndéanfá sin?"
daoine ag gáire fúm." - Buachaill Nigéarach, Rang a 2, bunscoil i mBÁC

Conas is féidir le do scoilse déileáil leis an gciníochas?

Tabhair aitheantas dó

- Ba cheart go dtuigfeadh foireann iomlán na scoile go dtiocfaidh ceist an chiníochais chun cinn i measc pháistí na scoile.
- Caithfear an ciníochas a aithint mar cheist thromchúiseach. Tugann neamhshuim an teachtaireacht chontráilte do pháistí.

Bíodh cur chuige scoile uile agaibh

- Mar thús, cruthaígí atmaisféar dearfach, cuimsitheach do pháistí uile na scoile.
- Ba mhór an chabhair í ciníochas agus réitigh air a phlé le comhghleacaithe.

Bíodh an ciníochas mar chuid den pholasaí frithbhulaíochta

- I gcás ranganna il-eitneacha, caithfear tiomantas don pholasaí frithbhulaíochta a athnuachan.
- Ba chóir go mbeadh an bhulaíocht chiníoch san áireamh i bpolasaithe frithbhulaíochta agus go dtabharfadh siad aitheantas do na bacainní breise a bheadh ag páistí mionlaigh tacaíocht a fháil.
- Ba chóir go mbeadh sé soiléir sna polasaithe go gcuireann an ciníochas gné dhainséarach bhreise leis an mbulaíocht. Ní mar a chéile ainmneacha ciníocha a ghlaoch agus ainmneacha eile a ghlaoch, mar shampla.

Scoileanna a bhfuil dúshláin ar leith rompu

- Seans go dtiocfadh dúshláin mhóra chun cinn i scoileanna / seomraí ranga ar leith. Uaireanta, bíonn tionchar ag deacrachtaí i measc an phobail áitiúil ar shaol na scoile.
- Nuair a bhíonn deacrachtaí ollmhóra i gceist, molaimid dul i gcomhairle le saineolaithe ar an bhfrithbhulaíocht, le ceardchumainn mhúinteoirí, le hoibrithe gairmiúla leanaí agus óige, agus le hionadaithe an phobail áitiúil.

Amach anseo

- Níl aon fhreagra simplí ná réiteach éasca ar cheist an chiníochais i measc páistí.
- Tá scoileanna, pobail agus páistí na hÉireann i gcoitinne ag dul i ngleic leis an éagsúlacht nua.
- Ciníochas a phlé, a aithint agus a fhreagairt – is iad seo na céimeanna atá le tógáil anois i bpróiseas an imeasctha.

be fair

Cothrom na Féinne
Diúltaigh don chiníochas

Cé muid?

- Oibrímid i gcomhar leis an Children, Migration and Diversity Project i gColáiste na Tríonóide. Tá an-taighde déanta ag an tionscadal ar chiníochas i measc páistí agus ar iarmhairt na hinimirce ar shaol páistí.

Breis eolais

- Tá an t-eolas seo bunaithe ar an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta is déanaí. Chun breis eolais a fháil, tabhairt cuairt ar ár suíomh gréasáin:

www.befair.ie

"Is féidir bulaíocht a shainmhíniú mar ionsaithe i ndiaidh a chéile - bídís briathartha, síceolaíoch nó fisiceach – a dhéanann duine aonair nó grúpa ar dhaoine eile. Is iompar é a bhfuil sé d'aidhm aige spadhar a chur ar dhuine agus imeaglú a dhéanamh air nó uirthi. Tarlaíonn sí den chuid is mó i measc daoine óga i dtimpeallachtaí ar nós scoileanna. Áirítear le bulaíocht nuair a bhíonn dalta amháin nó níos mó ag spochadh as íospartach nó á g(h)reannú, nó ag bagairt air nó uirthi, á b(h)ualadh nó ag sracadh uaidh nó uaithi. D'fhéadfadh sé freisin gur bulaíocht é maslaí ciníocha a thabhairt do dhuine."

Alt 9.4.1 Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2011

Curtha ar fáil ag Ionad Taighde na bPáistí agus Scoil na hOibre Sóisialta agus Beartas Sóisialta, Coláiste na Tríonóide. Tá maoiniú á dhéanamh ar an tionscadal ag an gComhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta.

School of Social Work and Social Policy

IRCHSS

Trinity College Dublin children's research centre research for children & young people

Trinity College Dublin Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath The University of Dublin

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta